# Staitisticí Cánach Maoine Áitiúil (CMÁ)

Deireadh Fómhair 2020
(Réamhstaitisticí)

Tá na staitisticí san eisiúint seo bunaithe ar anailís a rinneadh ar thuairisceáin a tíolacadh agus ar fhaisnéis eile a bhaineann le CMÁ. Tá obair go fóill ag leanúint ar aghaidh ar an gClár CMÁ a bheachtú agus dá réir sin ní sonraí críochnaitheacha iad na sonraí atá san áireamh agus teastaíodh roinnt áirithe meastacháin a dhéanamh.

Províonn na staitisticí san eisiúint seo ar CMÁ 2020.
Foilseofar nuashonruithe in am trátha ag:
https://www.revenue.ie/ga/corporate/information-about-revenue/statistics/local-property-tax/index.aspx. Tá staitisticí i leith blianta roimhe ar fáil ar an leathanach céanna chomh maith.

Ba chóir aon fhiosruithe faoi staitisticí maidir le CMÁ a sheoladh chuig statistics@revenue.ie.

ISSCOP
Irish Statistical System Code of Practice

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

## COVID-19

Mar thoradh ar éifeachtaí na paindéime Coróinvíreas COVID-19, tá na Coimisinéirí Ioncaim ag déanamh monatóireachta ar an suíomh lena chinntiú nach bhfulaingíonn úinéirí maoine cruatan míchuí mar thoradh ar a ndliteanas CMÁ do 2020 a chomhlíonadh le linn na tréimhse deacra seo.

San áireamh leis seo bhí an síneadh ama ó Mhárta go Iúil ar an dáta bailiúcháin do na húinéirí maoine seo a íocann trí asbhaint bhliantúil aonair.

Rachaidh na Coimisinéirí Ioncaim i dteagmháil le húinéirí maoine ar bith a bhféadfadh sé go mbeidh tionchar á imirt orthu agus tá na Coimisinéirí Ioncaim ag déanamh a ndícheall cabhair a thabhairt dóibh siúd a bhfuil deacrachtaí acu íocaíocht a dhéanamh.

## Fáltais CMÁ 2020

Aistríodh fáltais CMÁ €344m chuig an gCiste Rialtais Áitiúil in 2020 go dtí seo.

Áirítear riaráistí Muirir Teaghlaigh (MT) le Fáltais CMÁ chomh maith. Ghlac na Coimisinéirí Ioncaim freagracht as riaráistí Muirir Teaghlaigh (MT) a bhailiú ón 1 Iúil 2013. Ó shin bailíodh €73m de MT (lena n-áirítear €0.5m go dtí seo in 2020).

## Comhlíontacht CMÁ 2020

Tá an ráta comhlíontachta do 2020 ag 92% faoi láthair.*

Ó Eanáir 2020, eisíodh breis agus 39,400 litir um chomhlíontacht maidir le dliteanas gach bliana. Chomhlíon formhór na n-úinéirí maoine a ndualgais CMÁ.

Ó Eanáir 2020, diúltaíodh beagnach 9,610 iarratas ar imréiteach cánach de bhun neamhchomhlíontacht CMÁ, agus deonaíodh imréiteach ina dhiaidh sin do thuairim agus 97% díobh sin tar éis aontú socruithe íocaíochta a chur i bhfeidhm. Cuireadh 4,363 formhuirear Cánach Ioncaim agus Cánach Corparáide i bhfeidhm de bhun neamhchomhlíontacht CMÁ. As na cásanna ar iarradh athbhreithnithe ina leith, baineadh nó maolaíodh breis agus 70% de na formhuirir tar éis na dliteanais CMÁ a íoc.

Tá LPT asbhainte ag na Coimisinéirí Ioncaim ag an bhfoinse do 2020 ar bhonn éigeantach do bhreis agus 88,600 maoin, a raibh a bhformhór faoi réir asbhainte éigeantach in 2019. Chomh maith leis sin, méadaíodh an luacháil ar bhreis agus 14,529 maoin, ag eascairt ó mheascán d'fhéincheartú agus dúshláin ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Tiocfaidh athrú ar na huimhreacha seo le himeacht ama de réir mar a roghnaíonn úinéirí maoine a chúrsaí CMÁ a chur ina cheart.

* Ríomhtar an ráta comhlíontachta ó fhigiúr ionchasach ón gClár a fhaightear ó fhaisnéis Daonáirimh na Príomh-Oifige Staidrimh 2011 / 2016 agus ó shonraí a bhailítear ó riar an CMÁ ó 2013. Tá obair go fóill ag leanúint ar aghaidh le bailíochtú a dhéanamh ar an gClár.

## Fachtóir Coigeartaithe Áitiúil 2020

Bhain trí cinn is fiche d'Údaráis Áitiúla leas as an deis an ráta CMÁ do 2020 a athrú (i gcomparáid leis an ráta caighdeánach CMÁ), a chlúdaíonn beagnach 1.4m maoin (seachas maoin faoi úinéireacht na nÚdarás Áitiúil), agus chuir siad na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas maidir lena gcinneadh ar an 30 Meán Fómhair 2019.

Tá na hathruithe cuí déanta go huathoibríoch ag na Coimisinéirí Ioncaim i leith úinéirí maoine.

Léirítear sa tábla thíos raon suimeanna íocaíochtaí CMÁ le haghaidh 2020 tar éis an Fachtóir Coigeartaithe Áitiúil le haghaidh CMÁ 2020 a chur i bhfeidhm.

Sa chás nach ndearnadh athruithe maidir leis an bhFachtóir Coigeartaithe Áitiúil, cuirfear na rátaí caighdeánacha CMÁ i bhfeidhm: 0.18% ar bhandaí luachála suas le €1m, agus 0.25% ar an luach atá os cionn €1m.

| Banda | Réimse Luacha Maoine | An Ráta Caighdeánach (€) | +15% (€) | +10% (€) | +7.5% (€) | +5% (€) | +2.5% (€) | -10% (€) | -15% (€) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | €0-100k | 90 | 104 | 99 | 97 | 95 | 92 | 81 | 76 |
| 2 | €100-150k | 225 | 259 | 247 | 242 | 237 | 231 | 203 | 191 |
| 3 | €150-200k | 315 | 362 | 346 | 339 | 331 | 323 | 284 | 267 |
| 4 | €200-250k | 405 | 466 | 445 | 435 | 425 | 415 | 365 | 344 |
| 5 | €250-300k | 495 | 569 | 544 | 532 | 520 | 507 | 446 | 420 |
| 6 | €300-350k | 585 | 673 | 643 | 629 | 614 | 600 | 527 | 497 |
| 7 | €350-400k | 675 | 776 | 742 | 726 | 709 | 692 | 608 | 573 |
| 8 | €400-450k | 765 | 880 | 841 | 822 | 803 | 784 | 689 | 650 |
| 10 | €500-550k | 945 | 1,087 | 1,039 | 1,016 | 992 | 969 | 851 | 803 |
| 12 | €600-650k | 1,125 | 1,294 | 1,237 | 1,209 | 1,181 | 1,153 | 1,013 | 956 |
| 14 | €700-750k | 1,305 | 1,501 | 1,435 | 1,403 | 1,370 | 1,338 | 1,175 | 1,109 |
| 16 | €800-850k | 1,485 | 1,708 | 1,633 | 1,596 | 1,559 | 1,522 | 1,337 | 1,262 |
| 18 | €900-950k | 1,665 | 1,915 | 1,831 | 1,790 | 1,748 | 1,707 | 1,499 | 1,415 |
| €1m | €1m+ | 1,800 | 2,070 | 1,980 | 1,935 | 1,890 | 1,845 | 1,620 | 1,530 |
| €1.5m | €1m+ | 3,050 | 3,508 | 3,355 | 3,279 | 3,203 | 3,126 | 2,745 | 2,592 |
| | | **8 gComhairle** | **Cill Chainnigh An Clár, Dún na nGall, Liatroim, An Longfort, Luimneach, Muineachán, Ros Comáin, Sligeach, Uíbh Fhailí,** | **Ciarraí, Cill Mhantáin Laois, Loch Garman, Tiobraid Árann,** | **Cill Dara** | **Ceatharlach, Contae Chorcaí** | **Port Láirge** | **Fine Gall** | **Baile Átha Cliath Theas ,Cathair Bhaile Átha Cliath, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin** |

## Anailís de réir Údarás Áitiúil – Bailiú agus Comhlíontacht i leith 2020 go dtí seo

Réamhanailís atá i gceist leis an anailís, agus tá roinnt meastacháin i gceist leis, go háirithe i dtaca le dáileadh na bhfigiúirí agus na suimeanna de réir Údarás Áitiúil.

| Údarás Áitiúil<br>Údarás | Maoine Tuairiscithe *<br>2020<br>(i bhfoirm mílte) | Ráta Comhlíontachta **<br>2020<br>(%) | CMÁ Bailithe ***<br>2020<br>(€ milliún) |
|---|---|---|---|
| Baile Átha Cliath Theas | 94.5 | 93.9 | 21.0 |
| Cathair Bhaile Átha Cliath | 221.6 | 90.2 | 58.4 |
| An Cabhán | 29.3 | 91.9 | 3.7 |
| Ceatharlach | 22.0 | 92.5 | 3.4 |
| Cathair Chorcaí | 81.7 | 91.0 | 17.2 |
| Contae Chorcaí | 131.0 | 94.6 | 27.7 |
| Ciarraí | 66.1 | 91.5 | 13.5 |
| Cill Chainnigh | 35.3 | 92.1 | 7.0 |
| Cill Dara | 76.0 | 93.0 | 18.0 |
| Cill Mhantáin | 51.0 | 93.3 | 15.3 |
| An Clár | 50.7 | 93.1 | 9.7 |
| Dún Laoghaire – Ráth an Dúin | 81.0 | 94.0 | 36.7 |
| Dún na nGall | 69.6 | 87.7 | 10.7 |
| Fine Gall | 99.7 | 94.6 | 26.5 |
| Cathair na Gaillimhe | 31.0 | 93.4 | 7.1 |
| Contae na Gaillimhe | 68.7 | 91.9 | 12.0 |
| An Iarmhí | 34.3 | 91.6 | 5.2 |
| Laois | 29.2 | 92.0 | 4.3 |
| Liatroim | 15.4 | 89.3 | 2.1 |
| Loch Garman | 61.8 | 92.5 | 11.1 |
| An Longfort | 16.3 | 90.3 | 2.0 |
| Lú | 47.9 | 89.7 | 7.6 |
| Cathair & Contae Luimnigh | 75.8 | 91.7 | 14.7 |
| Maigh Eo | 56.7 | 90.5 | 8.9 |
| An Mhí | 65.8 | 92.0 | 13.3 |
| Muineachán | 22.0 | 91.4 | 3.7 |
| Cathair & Contae Port Láirge | 49.0 | 91.7 | 8.1 |
| Ros Comáin | 26.9 | 92.4 | 3.9 |
| Sligeach | 29.2 | 91.5 | 5.1 |
| Tiobraid Árann | 62.8 | 92.5 | 11.0 |
| Uíbh Fhailí | 27.4 | 90.5 | 4.6 |
| | ***1,829*** | ***92*** | ***394*** |

(Tabhair do d'aire go bhféadfaidh sé go mbeidh tionchar ag slánú figiúirí ar na figiúirí léirithe)

*Folaíonn sé seo treoracha tar-rollta (0.8m), treoracha nua (0.7m), maoine de chuid na nÚdarás áitiúil a bhfuil tuairisceán tugtha ina leith go dtí seo
(0.14m) agus maoine a bhfuil asbhaint éigeantach ag an bhfoinse á fheidhmiú ina leith (0.1m).
** Ríomhtar an ráta comhlíontachta ó fhigiúr ionchasach ón gClár a fhaightear ó fhaisnéis Daonáirimh na Príomh-Oifige Staidrimh 2011 / 2016 agus ó shonraí a bhailítear ó riar an CMÁ ó 2013. Tá obair go fóill ag leanúint ar aghaidh le bailíochtú a dhéanamh ar an gClár.
** *Folaíonn an CMÁ a bailíodh do 2020 réamhíocaíochtaí €66m a fuarthas in 2019 agus €328m a fuarthas in 2020. Folaíonn sé seo suimeanna a d'íoc Údaráis Áitiúla i dtaca le maoine faoina n-úinéireacht agus íocaíochtaí a bailíodh trí asbhaint éigeantach ag an bhfoinse. Níl tuairim is €0.5m den Mhuirear Teaghlaigh san áireamh sa €394m
a fuarthas le linn 2020. San áireamh i bhfáltais an Ciste Rialtais Áitiúil le haghaidh 2020 tá CMÁ €16m i leith blianta roimhe.

## Anailís de réir Údarás Áitiúil – Asbhaint Éigeantach ag an bhFoinse i leith 2020

Feidhmíodh asbhaint éigeantach ag an bhfoinse i leith CMÁ ar tuairim is 89,000 maoin i leith 2020. Léirítear ar an tábla thíos dáileadh na maoin seo de réir Údarás Áitiúil.

Athraíonn na figiúirí seo de réir mar a chuireann úinéirí maoine a gcúrsaí cánach ina gceart.

Réamhanailís atá i gceist leis an anailís, agus tá roinnt meastacháin i gceist leis, go háirithe i dtaca le dáileadh na bhfigiúirí de réir Údarás Áitiúil.

| Údarás Áitiúil | Maoine faoi réir Asbhaint Éigeantach ag an bhFoinse CMÁ 2020 (%) |
|---|---|
| Baile Átha Cliath Theas | 5.6 |
| Cathair Bhaile Átha Cliath | 9.6 |
| An Cabhán | 1.8 |
| Ceatharlach | 1.4 |
| Cathair Chorcaí | 4.1 |
| Contae Chorcaí | 7.1 |
| Ciarraí | 2.8 |
| Cill Chainnigh | 2.2 |
| Cill Dara | 4.9 |
| Cill Mhantáin | 2.5 |
| An Clár | 2.8 |
| Dún Laoghaire – Ráth an Dúin | 2.5 |
| Dún na nGall | 3.5 |
| Fine Gall | 6.1 |
| Cathair na Gaillimhe | 1.5 |
| Contae na Gaillimhe | 4.0 |
| An Iarmhí | 2.3 |
| Laois | 2.3 |
| Liatroim | 0.9 |
| Loch Garman | 3.3 |
| An Longfort | 0.9 |
| Lú | 3.5 |
| Cathair & Contae Luimnigh | 4.4 |
| Maigh Eo | 2.8 |
| An Mhí | 4.6 |
| Muineachán | 1.2 |
| Cathair & Contae Port Láirge | 2.9 |
| Ros Comáin | 1.5 |
| Sligeach | 1.6 |
| Tiobraid Árann | 3.4 |
| Uíbh Fhailí | 1.8 |
| | ***100*** |

(Tabhair do d'aire go bhféadfaidh sé go mbeidh tionchar ag slánú figiúirí ar na figiúirí léirithe)

## Cineálacha Íocaíochta le haghaidh 2020

| Cineál Íocaíochta | CMÁ 2020* (%) |
|---|---|
| Treoir Dochair Bhliantúil* | 18.7 |
| Cárta Creidmheasa | 6.3 |
| Cárta Dochair | 17.1 |
| Dochar Díreach | 23.9 |
| Údarú Dochair Aonair | 0.7 |
| Asbhaint ag an bhFoinse | 15.4 |
| Soláthraí Seirbhíse | 12.6 |
| Íocaíocht Eile | 5.4 |
| | ***100*** |

(Tabhair do d'aire go bhféadfaidh sé go mbeidh tionchar ag slánú figiúirí ar na figiúirí léirithe)

* Is éard is Treoir Dochair Bhliantúil (TDB) ann ná íocaíocht roghnach i leith bliain amháin nó blianta iomadúla.

## Éilimh ar Dhíolúine nó Iarchur i leith 2020

Bunaithe ar eolas atá ar fáil faoi láthair, tá tuairim is 49,000 éileamh ann ar dhíolúine ó mhaoine a bhfuil tuairisceáin tíolactha ina leith le haghaidh 2020.

| Cineál na Díolúine (Féinmheasúnú) | CMÁ 2020 Líon (i bhfoirm mílte) | % |
|---|---|---|
| Comhlachtaí carthanúla (gníomhaíochtaí áineasa) | 0.2 | 0.5 |
| Comhlachtaí carthanúla (cóiríocht riachtanas speisialta) | 8.7 | 18 |
| Maoin áirithe a ceannaíodh idir 1/1/2013 agus 31/12/2013 | 11 | 22.8 |
| Maoine go hiomlán faoi réir rátaí tráchtála | 2.5 | 5.1 |
| Maoine fágtha mar gheall ar bhreoiteacht mheabhrach/fhisiceach fhadtréimhseach | 7.8 | 16.1 |
| Tithe soghluaiste | 0.3 | 0.6 |
| Tithe altranais cláraithe | 0.3 | 0.6 |
| Damáiste suntasach piríte | 1.9 | 3.9 |
| Áit chónaithe duine faoi éagumas dian | 2.1 | 4.3 |
| Eastáit tithíochta neamhchríochnaithe | 3.3 | 6.8 |
| Stoc trádála tógálaí/forbróra (nár díoladh ar an 1/5/2013 nó a díoladh sa tréimhse ón 1/1/2013)* | 10.3 | 21.4 |
| | ***48.5*** | ***100*** |

(Tabhair do d'aire go bhféadfaidh sé go mbeidh tionchar ag slánú figiúirí ar na figiúirí léirithe)

* Ní fholaíonn sé seo ach amháin maoine ar thíolaic duine dliteanach tuairisceán ina leith ag éileamh na díolúine. Sa chás gur ceannaíodh maoine nua agus neamhúsáidte roimhe sin le linn na tréimhse luachála reatha (2013–2019) níl aon dualgas ann tuairisceán CMÁ a thíolacadh de bhrí nach bhfuil siad faoi dhliteanas cánach go dtí an chéad tréimhse eile luachála. Gabhann na Coimisinéirí Ioncaim, áfach, sonraí a bhaineann le maoine nua agus nár úsáideadh roimhe ar an gClár CMÁ trí thaifid Dleachta Stampa agus trí fhoinsí éagsúla eile faisnéise ach ní áirítear anseo iad de bhrí nach meastar iad a bheith dliteanach i leith 2013–2019.

Bunaithe ar eolas atá ar fáil faoi láthair, tá tuairim is 47,000 éileamh ann ar iarchur in 2020. Éilítear an formhór díobh trí thuairisceáin CMÁ ach is gá roinnt éileamh ar iarchur (le haghaidh Caillteanas Airgeadais Suntasach, mar shampla) a éileamh ar fhoirmeacha ar leithligh a thíolactar do na Coimisinéirí Ioncaim.

| Éilimh ar Iarchur | CMÁ 2020 Líon (i bhfoirm mílte) | % |
|---|---|---|
| Seiceadóir/Riarthóir Eastáit | 0.5 | 1.1 |
| Caillteanas Suntasach Airgeadais | 0.2 | 0.5 |
| Faoin Tairseach Ioncaim | 44.8 | 96.7 |
| Duine Dliteanach Dócmhainneach | 0.8 | 1.7 |
| | ***47*** | ***100*** |

(Tabhair do d'aire go bhféadfaidh sé go mbeidh tionchar ag slánú figiúirí ar na figiúirí léirithe)

*Is réamh-mheastacháin iad figiúirí 2020 bunaithe ar thar-rolladh 2019 agus ar threoracha nua a fuarthas go dtí seo i leith 2020